Soláthar an tSamhraidh 2020

Tá dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh cheana cruthaithe ag an COVID-19 do chách, leanaí san áireamh. Tá sé deacair do chuid mhór daltaí staidéar a dhéanamh ó dúnadh na foirgnimh scoile.

Mar gheall ar chinneadh an rialtais ar an 5 Meitheamh, agus tar éis comhairle sláinte poiblí a fuarthas le déanaí, is féidir soláthar samhraidh a reáchtáil do leanaí i gcúinsí áirithe.

Leis na cláir shamhraidh seo tabharfar deis do leanaí leanúint ar aghaidh nó tosú arís ar an fhoghlaim, ar scoil nó sa bhaile.

Beidh an clár dírithe ar leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu laistigh de chatagóirí faoi leith. Beidh gach clár á reáchtáil de réir treoir na sláinte poiblí.

Tá treoir mhionsonraithe á tiomsú faoi láthair agus cuirfear ar fáil í sula gcuirfear tús leis na scéimeanna, ionas gur féidir pleanáil chuí a dhéanamh.

Cláir Soláthair Samhraidh 2020

1. Clár oideachais ar scoil do leanaí le riachtanais chasta

2. Clár baile do leanaí le riachtanais chasta.

3. Clár samhraidh faoi threoir FSS do leanaí le riachtanais chasta, bunaithe ar shuímh phobail, ar nós foirgnimh scoile.

Chomh maith leis sin, tá teagmháil dhíreach á déanamh le scoileanna DEIS maidir le scéimeanna atá ábhartha do na scoileanna seo. Tá foirmeacha treorach agus léiriú spéise ar fáil do scoileanna anseo.

D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar an chomhairle sláinte phoiblí, beidh teorainn dhian ar líon na ndaoine a fhreastalóidh ar na cláir ar aon lá agus in aon láthair ar leith.

Clár Oideachais Samhraidh ar Scoil.

Tá an Clár Oideachais Samhraidh ar Scoil cosúil le Soláthar Mhí Iúil mar a thugtar de ghnáth air. Tá an scéim ar fáil le tacú le leanaí incháilithe áirithe, agus eagraítear í i scoil an linbh.

Tá tionchar ag an easpa scolaíochta agus tacaí eile ar shaol agus ar fholláine a lán leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu, agus ar a dteaghlaigh.

Tá dúshláin mhóra léirithe ag a lán teaghlach agus iad ag tabhairt aire do leanaí gan na tacaí ná na gnáthaimh a bhíonn acu de ghnáth.

Aidhmeanna an chláir

- caidrimh na leanaí agus a nasc leis an scoil agus lena gcomhdhaltaí a athbhunú mar bhonn don fhoghlaim agus don rannpháirtíocht
- na leanaí a chumasú le filleadh ar an fhoghlaim agus ar ghníomhaíochtaí sóisialta agus cabhrú leo dul i dtaithí ar ghnáthaimh nua agus ar athruithe i dtimpeallacht na scoile
- a chinntiú a oiread is féidir go mbeidh na leanaí in ann imeascadh arís nó aistriú chuig an suíomh oideachais atá beartaithe dóibh don chéad scoilbhliain eile lena gcomhdhaltaí

Déanfar clár oideachais a dhearadh le hullmhacht na leanaí don fhoghlaim a bhreisiú agus aon chúlú atá tarlaithe a laghdú

Cé atá incháilithe

Cuirfear treoir mhionsonraithe ar fáil le cabhrú le scoileanna agus le tuismitheoirí leanaí incháilithe a aithint.

Is iad seo a leanas na critéir is féidir le scoileanna a úsáid le leanaí a d'fhéadfadh leas a bhaint as an gclár a roghnú:

1. Leanaí le diagnóis Uathachais

2. Daltaí le géardheacrachtaí diana foghlama

3. Aon leanbh i scoil speisialta nó i rang speisialta i mbunscoil

4. Leanaí atá ag aistriú isteach i rang speisialta ó shuímh luathbhlianta go bunscoil

5. Leanaí i ranganna mórshrutha bunscoile a bhfuil na míchumais seo a leanas orthu:

- leanaí le siondróm Down
- leanaí atá bodhar nó a bhfuil dianmhoill éistigh orthu
- leanaí atá dall nó a bhfuil dianlagú radhairc orthu
- leanaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánacha orthu
- leanaí le diandheacrachtaí iompraíochta mothúchánacha acu

Breis eolais

- cuirfear eolas chuig scoileanna speisialta agus scoileanna le ranganna speisialta faoin gcaoi is féidir leo a bheith rannpháirteach
- rannpháirtíocht dheonach atá i gceist agus féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh maidir le bheith rannpháirteach
- beidh an clár ar siúl ar feadh coicíse ar a laghad agus ceithre seachtaine ar a mhéad le linn na tréimhse Iúil/Lúnasa
- beidh solúbthacht ag na scoileanna maidir le tráthúlacht agus fad an chláir le cúinsí áitiúla a chur san áireamh
- féadfaidh scoileanna a spéis sa rannpháirtíocht a chlárú anseo go luath
- déanfaidh na scoileanna rannpháirteacha teagmháil dhíreach leis na tuismitheoirí
- is féidir go mbeidh deontas i leith costas iompar scoile ar fáil do dhaltaí incháilithe

Clár Oideachais Samhraidh sa Bhaile

Tá an Clár Samhraidh Baile cosúil le Soláthar Mhí Iúil, mar a thugtar air de ghnáth. Tá an scéim ar fáil le tacú le leanaí áirithe incháilithe, agus beidh sí ar siúl i mbaile an linbh.

Ní bheidh an ghné bhaile ar fáil ach nuair nach bhfuil clár á rith ag scoil an linbh nó mura bhfuil sé de chumas ag an scoil cóiríocht a sholáthar don leanbh incháilithe sa chlár atá beartaithe.

Sna dála seo, déanfaidh an roinn maoiniú ar theagascóir a fhostóidh an tuismitheoir/caomhnóir ar feadh suas le 10 n-uaire an chloig sa tseachtain ar feadh suas le 4 seachtaine i rith an tsamhraidh.

Ní mór don teagascóir a bheith cláraithe mar mhúinteoir nó mar chúntóir riachtanas speisialta (CRS). Mar mhalairt air sin, mura mbíonn leanbh le riachtanais chasta in ann freastal ar chlár ar scoil, soláthróidh an FSS oibrí tacaíochta baile. Nuair a sholáthraítear an rogha seo, is féidir go mbeidh inchur breise ar fáil ó bhaill eile den fhoireann ildisciplíneach míchumais.

Tá solúbthacht ann maidir le cathain a bheidh an clár ann. Beidh téarmaí agus coinníollacha iomlána ar fáil do scoileanna nuair a osclófar an clárú anseo.

Aidhmeanna an chláir

- a chur ar chumas na leanaí tabhairt faoin fhoghlaim agus faoi ghníomhaíochtaí sóisialta arís agus cabhrú leo dul i dtaithí ar ghnáthaimh nua agus ar athruithe
- a chinntiú a oiread is féidir go mbeidh an leanbh in ann imeascadh arís nó aistriú isteach sa suíomh oideachais atá beartaithe dóibh sa chéad scoilbhliain eile lena gcomhdhaltaí
- Beidh an clár deartha ag an teagascóir aonair le hullmhacht an linbh don fhoghlaim a bhreisiú agus cabhrú le haon chúlú a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe a laghdú.

Cé atá incháilithe

Cuirfear treoir mhionsonraithe ar fáil le cabhrú le scoileanna agus le tuismitheoirí leanaí incháilithe a aithint.

Is iad seo a leanas na critéir is féidir le scoileanna a úsáid le leanaí a d'fhéadfadh leas a bhaint as an gclár a roghnú:

1. Leanaí le diagnóis Uathachais

2. Daltaí le géardheacrachtaí diana foghlama

3. Aon leanbh i scoil speisialta nó i rang speisialta i mbunscoil

4. Leanaí atá ag aistriú isteach i rang speisialta ó shuímh luathbhlianta go bunscoil

5. Leanaí i ranganna mórshrutha bunscoile a bhfuil na míchumais seo a leanas orthu:

- leanaí le siondróm Down
- leanaí atá bodhar nó a bhfuil dianmhoill éistigh orthu
- leanaí atá dall nó a bhfuil dianlagú radhairc orthu
- leanaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta measartha orthu
- leanaí le diandheacrachtaí iompraíochta mothúchánacha acu

Breis eolais

- cuirfear eolas chuig scoileanna speisialta agus scoileanna le ranganna speisialta faoin gcaoi is féidir leo a bheith páirteach
- rannpháirtíocht dheonach atá i gceist agus féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh maidir le bheith rannpháirteach
- beidh an clár ar siúl ar feadh coicíse ar a laghad agus ceithre seachtaine ar a mhéad le linn na tréimhse Iúil/Lúnasa
- beidh solúbthacht ag na scoileanna maidir le tráthúlacht agus fad an chláir le cúinsí áitiúla a chur san áireamh
- beidh scoileanna in ann a spéis sa rannpháirtíocht a léiriú ar an leathanach seo
- déanfaidh na scoileanna rannpháirteacha teagmháil dhíreach leis na tuismitheoirí
- is féidir go mbeidh deontas i leith costas iompar scoile ar fáil do dhaltaí incháilithe

Clár tacaíochta faoi threoir an FSS do leanaí le riachtanais chasta

Mar gheall ar COVID-19, tá seirbhísí an FSS, lena n-áiritear idirghabhálacha teiripeacha, faoiseamh lae agus cónaitheach do leanaí le riachtanais speisialta ciorraithe go mór.

Faoi réir ag áitrimh scoile agus cúntóirí riachtanais speisialta a bheith ar fáil, cuirfidh an FSS tacaíochtaí scoil-bhunaithe cosúil le campaí samhraidh ar fáil do suas le 1,200 leanaí le riachtanais speisialta.

Sonraí an chláir

Cuirfidh an fhoireann i seirbhísí míchumais na leanaí treoir agus tacaíocht ar fáil do chúntóirí riachtanas speisialta le "campaí samhraidh" bunaithe ar ghníomhaíochta a sheachadadh, i roinnt seisiún trí huaire an chloig sa tseachtain.

Beidh na gníomhaíochtaí oiriúnaithe do riachtanais na leanaí, le hionchur ó chliniceoirí.

Spriocanna an chláir

- sosanna gearra faoisimh a sholáthar do theaghlaigh
- cabhrú le leanaí le riachtanais chasta tosú ar an aistriú ón mbaile go rannpháirtíocht arís sa phobal agus sa scoil
- deiseanna sábháilte a sholáthar do leanaí le riachtanais speisialta a bheith a plé lena gcomhdhaltaí

Cá mbeidh an clár ar fáil

Beidh cumas na seirbhísí do leanaí le míchumais chun an clár seo a sheachadadh ag brath ar scoileanna a bheith ar fáil agus ar chúntóirí riachtanais speisialta a bheith sásta obair ar an gclár.

Beidh tráthúlacht an chláir solúbtha i ngach ceantar agus ag brath ar fhoirgnimh scoile agus CRS a bheith ar fáil.

Conas is féidir le do leanbh a bheith rannpháirteach

Beidh bainisteoirí seirbhísí leanaí le míchumais i dteagmháil le teaghlaigh le fáil amach cé is mó a bhfuil na tacaíochtaí seo riachtanach dóibh agus le líon na seisiún is féidir a sholáthar sa tseachtain a aontú.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh an chomhairle sláinte phoiblí á comhlíonadh, beidh teorainn dhian le líon na ndaltaí a fhreastalóidh ar chláir scoile ar aon lá agus in aon láthair ar leith.